2026/1846

23.7.2026

**RIALACHÁN (AE) 2026/1846 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 23 Iúil 2026**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2026/1847 ón gComhairle an 23 Iúil 2026 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Bealtaine 2006, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ([2]).

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle ([3]).

(3) An 23 Iúil 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/1847, lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1816 ón gComhairle ([4]), cuirtear ceithre eintiteas nua le liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES, is é sin liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir srianta maidir le húdaruithe chun earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide, agus earraí agus teicneolaíocht a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise nó na Rúise, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó le forbairt a n-earnálacha cosanta agus slándála.

(5) Le Cinneadh (CBES) 2026/1847, meastar é a bheith iomchuí leathnú a dhéanamh ar liosta na n-earraí a d'fhéadfadh rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Bealarúise nó le forbairt a hearnála cosanta agus slándála, trí earraí a liostú a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin chomh maith le hearraí a rannchuidíonn le forbairt nó táirgeadh chórais mhíleata na Bealarúise, lena n-áirítear: púdair nicile, miotal nicile agus cóimhiotail nicile a úsáidtear i mbratú frithchreimneach in scairdinnill; púdair Bheirilliam a úsáidtear i dtiomántáin agus i gcóimhiotail ardfheidhmíochta; scannáin, téipeanna agus stiallacha féinghreamaitheacha a úsáidtear sna hearnálacha cosanta agus aeraspáis; ítimí eitlíochta a bhaineann go sonrach le haerárthaí gan foireann amhail trealamh tacaíochta ar talamh, córais trasnaíochta/tascartha, córais lainseála, agus seirbheamhótair; agus córais foirceanta eitilte le haghaidh aerárthaí gan foireann nó diúracáin.

([1]) IO L, 2026/1847, 23.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1847/oj.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle an 18 Bealtaine 2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 134, 20.5.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/765/oj).
([3]) Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/642/oj).
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1816 ón gComhairle an 23 Iúil 2026 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L, 2026/1816, 23.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1816/oj).

(6) Le Cinneadh (CBES) 2026/1847, leasaítear maoluithe chun a áirithiú go leanfar d'earraí agus seirbhísí a sholáthar, arb earraí agus seirbhísí iad is gá chun an bonneagar idirlín sa Bhealarúis a chaomhnú don phobal i gcoitinne.

(7) Ina theannta sin, le Cinneadh (CBES) 2026/1847, meastar gurb iomchuí tuilleadh srianta a thabhairt isteach ar allmhairiú earraí lena ligtear don Bhealarúis a foinsí ioncaim a éagsúlú, rud a chumasaíonn a rannpháirtíocht i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear srianta ar mhianta copair, mianta nicile, mianta luaidhe, mianta miotal lómhar, sinc neamhshaoirsithe, miotail chré-alcaileacha, ceimiceáin neamhorgánacha áirithe (ocsaídí since agus ocsaídí cróimiam), roisín leachtach, earraí gloine agus páirteanna gluaisteán.

(8) Le Cinneadh (CBES) 2026/1847, leathnaítear an toirmeasc ar náisiúnaigh na Bealarúise nó ar dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Bhealarúis úinéireacht nó rialú a bheith acu ar dhaoine dhlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí áirithe atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, nó aon phost a bheith acu i gcomhlachtaí rialaithe daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachta den sórt sin, sa chaoi go mbeidh feidhm ag an toirmeasc maidir le haon eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(9) Le Rialachán (AE) 2026/513 ón gComhairle ([6]), leathnaítear an toirmeasc i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 maidir le sásamh na n-éileamh arna dtabhairt ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe i dtríú tíortha seachas an Bhealarúis agus tíortha comhpháirtíochta a liostaítear san Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, i gcás ina bhfuil na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin ag díol, ag soláthar, ag aistriú nó ag onnmhairiú earraí, teicneolaíochta nó seirbhísí a bhfuil toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, bídís de thionscnamh an Aontais nó ná bídís. Mar sin féin, is féidir leis na daoine sin éilimh a dhéanamh i ndlínsí tríú tír i ndáil le conarthaí agus idirbhearta dá ndéanann na toirmisc sin difear, rud is cúis le caillteanas do do náisiúnaigh Ballstáit nó do dhaoine dlítheanacha atá corpraithe faoi dhlí Ballstáit. Dá bhrí sin, is gá síneadh a chur leis an bhféidearthacht damáistí a aisghabháil os comhair cúirteanna Ballstáit.

(10) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar seo a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1bb mar a leanas:

(a) scriostar mír 3d;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 14a:

'14a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 3, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt earraí a thagann faoi na cóid AC 8517 62 agus 8523 52 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar, le haghaidh úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis do na húdaráis sin a chinneadh go bhfuil na hearraí sin nó an cúnamh teicniúil nó airgeadais gaolmhar sin beartaithe le haghaidh líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha.';

([5]) Rialachán (AE) 2016/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937(IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2026/513 ón gComhairle an 23 Aibreán 2026 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L, 2026/513, 23.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/513/oj).

(2) in Airteagal 1e(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha nach maoin iad de chuid eintiteas atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % de faoi úinéireacht phoiblí;’;

(3) in Airteagal 1f(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha nach maoin iad de chuid eintiteas atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % de faoi úinéireacht phoiblí;’;

(4) leasaítear Airteagal 1ra mar a leanas:

(a) scriostar míreanna 9a agus 9b;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9c:

‘9c. Amhail ón 26 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hearraí a thagann faoi chód AC 2901 10 00 de thionscnamh na Bealarúise nó a onnmhairítear ón mBealarúis a cheannach nó a allmhairiú chuig an Ungáir, ar choinníoll go bhfuil sé beartaithe na hearraí a úsáid go heisiach san Ungáir.’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘9f. I dtaca leis na hearraí a thagann faoi na cóid AC 3803, 7006, 7008, 7009, 7011, 7013, 7014, 7017, 7018, 7020, 8707 agus 8708, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhú, go dtí an 25 Deireadh Fómhair 2026, na gconarthaí a thugtar i gcrích roimh an 24 Iúil 2026, ná na gconarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.’;

(5) in Airteagal 1s, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4a:

‘4a. De mhaolú ar mhír 1, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt innealra a thagann faoin gcód AC 8471 80 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar, le haghaidh úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil an t-innealra nó an cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais den sórt sin beartaithe le haghaidh líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha.’;

(6) in Airteagal 1u, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Cuirfear toirmeasc, ón 26 Márta 2025, ar ligean do náisiúnaigh na Bealarúise nó do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Bhealarúis úinéireacht nó rialú a bheith acu, go díreach nó go hindíreach, ar dhuine dhlítheanaigh, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus a sholáthraíonn seirbhísí tiachóige, cuntais nó cumhdaigh cripteashócmhainní, nó aon phost a bheith acu i gcomhlachtaí rialaithe daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachta den sórt sin. Amhail ón 25 Lúnasa 2026, beidh feidhm ag an toirmeasc sin freisin maidir le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit agus a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114.’;

(7) in Airteagal 1y, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le náisiúnaigh Ballstáit, le náisiúnaigh tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ná le náisiúnaigh na hEilvéise, ná le daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, nó san Eilvéis.’;

(8) in Airteagal 8h, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Aon duine dá dtagraítear sa tríú nó sa cheathrú fleasc d’Airteagal 10, beidh sé i dteideal, in imeachtaí breithiúnacha os comhair cúirteanna inniúla Ballstáit, aon damáiste díreach nó indíreach a aisghabháil, lena n-áirítear costais dlí, a thabhaigh an duine sin, nó a thabhaigh duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an duine dá dtagraítear sa cheathrú fleasc d’Airteagal 10, mar thoradh ar éilimh arna dtaisceadh i gcúirteanna i dtríú tíortha ag daoine, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 8d(1), pointe (a), (b), (c), (d) nó (e), i dtaca le haon chonradh nó idirbheart a ndearna na bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo difear dá fheidhmiú, go díreach nó go hindíreach, ina iomláine nó i bpáirt, ar choinníoll nach bhfuil rochtain éifeachtach ag an duine lena mbaineann ar na leigheasanna faoin dlínse ábhartha. Féadfar na damáistí sin a aisghabháil ó na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 8d(1), pointe (a), (b), (c), (d) nó (e), a thaisc na héilimh leis na cúirteanna sa tríú tír, nó ó dhaoine, eintitis nó comhlachtaí ar leo na heintitis nó na comhlachtaí sin nó a bhfuil na heintitis nó na comhlachtaí sin faoina rialú.’;

(9) leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

T. BYRNE

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn V, cuirtear na heintitis seo a leanas isteach:

'CHIP AND DIP LLC

OJSC Rogachev Plant Diaprojector

DISPLAY DESIGN BUREAU JSC

CJSC "Hull Products Plant"';

(2) leasaítear Iarscríbhinn Va mar a leanas:

(a) i gCuid A, Catagóir III, Cuid 1 (Teileachumarsáid), roinn X.A.III.101 (Trealamh teileachumarsáide), cuirtear na míreanna seo a leanas léi:

'j. Córais agus trealamh radaimhinicíochta nach n-áirítear i Rialachán (AE) 2021/821, comhpháirteanna agus gabhálais, a saindearadh nó a sainmhodhnaíodh chun aon cheann de na feidhmeanna seo a leanas a fhorbairt:

a. Smacht agus ceannas a ghlacadh ar aerárthaí gan foireann;

b. Cur isteach d'aon ghnó agus go roghnach ar chomharthaí radaimhinicíochta chun aerárthaí gan foireann a rialú agus a stiúradh, nó iad a dhiúltú, a chosc, a dhíghrádú nó cluain a chur orthu;

c. Sainghnéithe an phrótacail radaimhinicíochta a úsáideann aerárthaí gan foireann a úsáid chun cur isteach ar a n-oibriú.

*<u>Nóta Teicniúil</u>: D'fhéadfaí a áireamh le córais agus trealamh den chineál sin tarchuradóirí trasnaíochta radaimhinicíochta, anailíseoirí prótacail, spúfairí comharthaí, córais gafa ceannais, aeróga treocha, ardáin raidió bogearraí-shainithe, modúil cogaíochta leictreonaí, agus bogearraí rialaithe nó dochtearraí gaolmhara a oiriúnaíodh go sonrach le haghaidh feidhmeanna chun aerárthaí gan foireann a chomhrac.'*;

(b) i gCuid A, Catagóir IX (Ábhair Speisialta agus Trealamh Gaolmhar), cuirtear na ranna seo a leanas isteach:

'X.C.IX.018 Plátaí, leatáin, scannán, scragall, téip, stiall fhéinghreamaitheach agus cruthanna cothroma eile, nach sonraítear i Rialachán (AE) 2021/821, lena mbaineann na saintréithe seo a leanas uile:

a. Uasteocht oibriúcháin is mó ná 413,15 K (140 °C) agus íosteocht oibriúcháin is lú ná 233,15 K (-40 °C); agus

b. I gcomhréir leis an méid seo a leanas uile, arna thomhas i gcomhréir le caighdeán ASTM E595 nó "caighdeáin choibhéiseacha":

1. "Caillteanas Iomlán Maise" (CIM) cothrom le 1,0 % nó níos lú ná sin; agus

2. "Ábhar In-Chomhdhlúthaithe So-Ghalaithe Bailithe (AISB)" cothrom le 0,10 % nó níos lú ná sin.

*Nótaí Teicniúla:*

1. *Chun críocha rialú X.C.IX.018, is é an "Caillteanas Iomlán Maise" (CIM) an laghdú céatadáin i mais an eiseamail arb é is cúis leis galú ábhar faoi dhálaí sonraithe folúis agus teochta de réir chaighdeán ASTM E595 nó "caighdeáin choibhéiseacha".*

$$CIM\ (\%) = \frac{M_t - M_d}{M_t} \times 100$$

*I gcás inarb amhlaidh:*

$M_t$ = *mais tosaigh eiseamail*

$M_d$ = *mais deiridh eiseamail tar éis nochtadh don fholús*

2. *Chun críocha rialú X.C.IX.018, is éard atá i gceist le "hÁbhar In-Chomhdhlúthaithe So-Ghalaithe Bailithe" (AISB) an céatadán d'ábhar soghalaithe gáis a sceitheadh ó eiseamal tástála a chomhdhlúthaíonn ar bhailitheoir sonraithe a choinnítear ag teocht rialaithe.*

$$AISB\ (\%) = \frac{M_b}{M_t} \times 100$$

*I gcás inarb amhlaidh:*

$M_b$= *mais a bailíodh ar an bpláta comhdhlúthadáin*

$M_t$ = *mais tosaigh eiseamail*

X.C.IX.019 Púdar nicile, miotal nicile agus cóimhiotal ina bhfuil cion íonachta nicile de 50 % nó níos mó de réir meáchain, seachas iad sin a shonraítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.C.IX.020 Púdar beirilliam ina bhfuil cion íonachta beirilliam de 50 % nó níos mó de réir meáchain, seachas iad sin a shonraítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata nó i Rialachán (AE) 2021/821.';

(c) i gCuid A, Catagóir VII (Aeraspás agus Tiomáint), cuirtear na ranna seo a leanas isteach:

'X.A.VII.004 Seirbheamótair a mbaineann cóimheas idir torc agus meáchan de 0,16 nó níos mó ná sin leo.

*Nóta Teicniúil:*

*Ríomhtar an cóimheas idir torc agus meáchan agus an torc á mheas in kgf*cm agus an meáchan á mheas in g.*

X.A.VII.005 Córais lainseála le haghaidh aerárthaí gan foireann, agus comhpháirteanna díobh, cé is moite díobh sin a shonraítear sa Liosta Comhchoiteann Míleata nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.A.VII.006 Trealamh tacaíochta ar talamh le haghaidh aerárthaí gan foireann.

X.A.VII.007 Córais “foirceanta eitilte” agus comhpháirteanna a shaindeartar dóibh.

*<u>Tabhair faoi deara:</u> Cumhdaítear leis an rialú seo caighdeáin cumarsáide digití agus analógacha le haghaidh córais “foirceanta eitilte”, lena n-áirítear modhanna oibríochtúla criptithe.*

*<u>Nótaí Teicniúla:</u>*

1. *Chun críoch an rialaithe seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh an méid seo a leanas i gceist le “foirceannadh eitilte”: ísliú rialaithe, féinscriosadh an aerárthaigh gan foireann nó an diúracáin, nó madhmadh an tsoic pléascáin chun an baol damáiste chomhthaobhaigh a íoslaghdú.*

2. *Chun críoch an rialaithe seo, áirítear le comhpháirteanna trealamh talún agus trealamh ar bord, floscóirí ordaithe, ionchódóirí, rialaitheoirí aimplitheoirí, glacadóirí fíoraithe orduithe, aimplitheoirí, tarchuradóirí, díchódóirí agus glacadóirí.*

X.D.VII.003 “Bogearraí” chun trealamh a rialaítear le X.A.VII.006 nó X.A.VII.007 a “úsáid”.';

(3) in Iarscríbhinn XXVII, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach:

| Cód AC | Ainm an earra |
|---|---|
| '2603 | Mianta copair agus tiúcháin díobh |
| 2604 | Mianta nicile agus tiúcháin díobh |
| 2607 | Mianta luaidhe agus tiúcháin díobh |
| 2616 | Mianta miotail lómhair agus tiúcháin díobh |
| 2817 | Ocsaíd since; sárocsaíd since |
| 2819 | Ocsaídí agus hiodrocsaídí cróimiam |
| 3803 | Róisín leachtach, bíodh sé scagtha nó ná bíodh |
| 7001 | Cuilléid agus fuíollábhar gloine agus dramhghloine, seachas gloine as feadáin gha-chatóideacha nó gloine ghníomhachtaithe eile faoi cheannteideal 8549; gloine sa mhais |
| 7002 | Gloine i liathróidí (seachas micrisféir faoi cheannteideal 7018), slata nó feadáin, neamhshaoirsithe |

| Cód AC | Ainm an earra |
|---|---|
| 7003 | Gloine theilgthe agus gloine rollta, ina leatháin nó ina bpróifílí, bíodh brat ionsúiteach, frithchaiteach nó neamh-fhrithchaiteach léi nó ná bíodh, ach í neamhshaoirsithe seachas sin |
| 7004 | Gloine tharraingthe agus gloine shéidte, ina leatháin, bíodh brat ionsúiteach, frithchaiteach nó neamh-fhrithchaiteach léi nó ná bíodh, ach í neamhshaoirsithe seachas sin |
| 7006 | Gloine faoi cheannteideal 7003, 7004 nó 7005, atá lúbtha, ciumhais-saoirsithe, greanta, druileáilte, cruanta nó saoirsithe ar bhealach eile, ach nach bhfuil i bhfráma ná feistithe le hábhair eile |
| 7008 | Aonaid gloine ilbhallaí le haghaidh insliúcháin |
| 7009 | Scátháin ghloine, bídís i bhfráma nó ná bídís, lena n-áirítear scátháin chúlfhéachana |
| 7011 | Imchlúdaigh gloine (lena n-áirítear bolgáin agus feadáin), oscailte, agus codanna gloine díobh sin, gan feistis, le haghaidh lampaí leictreacha agus foinsí solais, feadáin gha-chatóideacha nó a leithéid |
| 7013 | Earraí gloine den chineál a úsáidtear ag an mbord, sa chistin, sa leithreas, san oifig, do mhaisiúchán faoi dhíon nó chun críoch comhchosúil (seachas earraí faoi cheannteidil 7010 nó 7018) |
| 7014 | Earraí gloine le haghaidh comharthaíochta agus eilimintí optúla as gloine (seachas iad sin faoi cheannteideal 7015), nach bhfuil saoirsithe ó thaobh na hoptaice de |
| 7015 | Gloiní clog nó uaireadóirí agus gloiní comhchosúla, gloiní do spéaclaí neamhcheartúcháin nó ceartúcháin, iad cuartha, lúbtha, tollta agus mar sin de, nach bhfuil saoirsithe ó thaobh na hoptaice de; tollsféir ghloine agus a ndeighleoga, do mhonarú gloiní den sórt sin |
| 7016 | Bloic pábhála, leaca, brící, cearnóga, tíleanna agus earraí eile déanta as gloine bhrúite nó mhúnlaithe, bíodh sí sreangaithe nó ná bíodh, den chineál a úsáidtear chun foirgníochta nó tógáil; ciúbanna gloine agus mionearraí gloine eile, bíodh taca fúthu nó ná bíodh, le haghaidh mósáice nó chun críoch maisiúcháin comhchosúla; soilse luaidhe agus a leithéidí; gloine ilcheallach nó chúrtha ina bloic, ina painéil, ina plátaí, ina blaoscanna nó i bhfoirmeacha comhchosúla |
| 7017 | Earraí gloine saotharlainne, sláinteachais nó cógaisíochta, bídís grádaithe nó calabraithe nó ná bíodh |
| 7018 | Coirníní gloine, péarlaí bréige, clocha lómhara agus scothlómhara tacair agus mionearraí gloine comhchosúla, agus earraí déanta astu sin seachas seodra bréige; súile gloine seachas earraí próistéiteacha; deilbhíní agus ornáidí eile déanta as gloine saoirsithe de lampa, seachas seodra bréige; micrisféir ghloine nach mó ná 1 mm an trastomhas iontu |
| 7020 | Earraí eile gloine |

| Cód AC | Ainm an earra |
|---|---|
| 7901 | Sinc neamhshaoirsithe |
| 8707 | Cabhlacha (lena n-áirítear cábáin), le haghaidh mótarfheithiclí atá faoi cheannteidil 8701 go 8705 |
| 8708 | Páirteanna agus gabhálais de na mótarfheithiclí atá faoi cheannteidil 8701 go 8705’. |